



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2017
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0190 (COD)

13656/17
ADD 1

CODEC 1682
PECHE 402

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas lascaigh (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

**Ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ó Éirinn,
ón Iodáil, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin agus ón Spáinn**

Aithníonn na Ballstáit seo a leanas, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Spáinn go bhfuil sé d'aidhm leis an leasú seo Rialachán 1380/2013 a shoiléiriú. Leis an leasú seo, féadfar pleananna maidir le haischur ábhar muirí a shíneadh go trí bliana ar a mhéad, ach ba mhian leis na Ballstáit seo an deis a bheith ann síneadh níos faide a chur. Chinn na Ballstáit tacú leis an togra ón gCoimisiún mar gheall ar shrianta ama.